# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉARACHTA, 2003

## LÉANN CLASAICEACH - GNÁTHLEIBHÉAL
## (400 marc)

DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de an trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## Grúpa I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) "Teipeann na focail féin nuair a dhéanann duine iarracht ar phictiúr ginearálta a thabhairt den ghalar seo; agus maidir le fulaingt dhaoine aonair, níor dhóigh le duine go bhféadfadh neach daonna a leithéid a sheasamh." (Túicididéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Déan cur síos achomair ar airíonna an ghalair agus ar fhulaingt na ndaoine a tholg an Phlá san Aithin i 430 R.Ch. (30)

(b) ".... d'éirigh daoine fuarchúiseach i dtaobh gach riail reiligiúin agus dlí." (Túicididéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*).

Déan trácht ar iompar aindlíthiúil roinnt de mhuintir na hAithine le linn na Plá. (20)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar tharla gur ghlac na hAithinigh seilbh ar Pylos i 425 R.Ch. (15)

(b) Céard iad na hiarrachtaí a rinne na Spartaigh chun na hAithinigh a dhíbirt as Pylos? (15)

(c) Mínigh an chaoi ar tharla gur scoitheadh trúpaí Spartacha ar oileán Sphacteria. (20)

(iii) (a) Cén fáth ar fhág Alcibiadéa Sluaíocht na Sicileach agus a ndeachaigh sé leis an taobh Spartach? (20)

(b) Cén chomhairle a chuir Alcibiadéa ar na Spartaigh faoin gceann is fearr a fháil ar na hAithinigh? (20)

(c) Céard a mheasann tú dá chuid iompair an tráth sin? (10)

(iv) Tabhair cuntas iomlán ar Chath Mantinea. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Seacht mí a sheas léigear Thiorais (Tyre) ag Alastar.

(a) Mínigh cén fáth a raibh Tioras (Tyre) chomh deacair sin a fhorghabháil mar gheall ar an suíomh a bhí aige. (10)

(b) Tabhair cuntas achomair ar an gcaoi ar éirigh leis an lucht cosanta Alastar a choinneáil uathu ar feadh tamaill fhada. (30)

(c) Déan trácht ar an gcaoi ar caitheadh leis na háitritheoirí tar éis d'Alastar agus a arm Tioras (Tyre) a chloí. (10)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
Meamnón Ródas; Philotas; Hephaestion. (50)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar an gcaoi ar bhuail breoiteacht mharfach Alastar, agus tabhair cuntas achomair ar na laethanta deiridh dá shaol. (35)

(b) Tabhair cuntas ar an gcaoi ar fhág a chuid saighdiúirí slán ag a rí. (15)

(iv) Déan plé ar Oirthearachas Alastair (nósanna na Peirse a bheith glactha chuige aige) faoi na ceannteidil seo a leanas:
feisteas; sléachtadh; póstaí. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Dúnmharaíodh Iúl Chaesair ar Íodh Mhárta sa bhliain 44 R.Ch.

Tabhair cuntas ar na himeachtaí, lá úd na cinniúna. (50)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

Cato; Crassus; Marcus Antonius. (50)

(iii) (a) Inis an scéal faoin gcaoi ar imir baincéir as Sioracúisé darbh ainm Pythius, cleas ar an bhfear uasal Rómhánach, Gaius Canius, chun sealúchas a cheannach. (Cicearó, *Conas Cinntí Cearta a Dhéanamh*) (40)

(b) Céard a mheasann Cicearó d'iompar Pythius sa ghnó seo? (10)

(iv) Cén pictiúr a fhaighmid de Catilina agus dá lucht comhcheilge ó Shallast, **agus** ó Phlútarc ina shaothar *Beatha Chicearó*? (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):- **[100]**

(i) (a) Cén chaoi ar éirigh le Sejanus éirí chomh cumhachtach le linn ré an impire Tibéiriais? (30)

(b) Tabhair cuntas ar an gcaoi ar éirigh le Tibéirias, Sejanus a threascairt. (20)

(ii) Tabhair cuntas ar na deacrachtaí ar chaith Ágastas (Octáivian mar a bhí air an uair sin) aghaidh a thabhairt orthu ó Chath Philippi go dtí Cath Actium nuair a fuair sé an lámh in uachtar ar Antonius agus Cléapatra. (50)

(iii) Scríobh cuntas ar an gcaidreamh a bhí idir Ágastas agus Tibéirias. (50)

(iv) Cén fhianaise atá le fáil i Suetonius gurbh fhearr le hÁgastas saol simplí ná saol só agus rabairne. (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sófaicléas, an aontaíonn tú gur rí an-mhaith ar an Téibh ab ea Éideapús? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (50)

(ii) "Sinne mná is ainnise, cinnte, de na créatúir go léir a bhfuil beatha agus toil acu." (*Méidia*, Eoiripidéas)

Tabhair cuntas ar an gcaoi a léiríonn Méidia, diaidh ar ndiaidh, fírinne an ráitis seo. (50)

(iii) (a) Rianaigh an pháirt atá ag Jocasta i bplota an dráma *Éideapús Rí*, le Sófaicléas. (30)

(b) Tabhair cuntas achomair ar an gcaoi ar chuir sí lámh ina bás féin. (20)

(iv) (a) Cén fáth a bhfuil an radharc idir Méidia agus Aegeus, Rí na hAithine, chomh tábhachtach sin i bplota an dráma *Méidia,* le hEoraipidéas? (15)

(b) Cén chaoi a n-éiríonn le Méidia comhbhá agus tacaíocht Aegeus a fháil? (35)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) San *Odaisé* le Hóiméar, tabhair cuntas ar an gcaoi ar éirigh le hOdaiséas agus le Telemachus an ceann is fearr a fháil ar na Suirígh sa Chath sa Halla. (50)

(ii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, tabhair cuntas ar conas a d'iarr an dia Poseidon cosc a chur le filleadh Odaiséas ar Ithaca. (40)

(b) Céard iad na cosúlachtaí atá idir Poseidon agus an bandia Juno san *Aeinéid* le Veirgil? (10)

(iii) (a) Inis an scéal faoin gcaoi a ndearna Circe muca d'fhir Odaiséis. (30)

(b) Cén chaoi ar éirigh le hOdaiséas an ceann is fearr a fháil ar Circe agus daoine daonna a dhéanamh dá chuid fear an athuair? (20)

(iv) (a) An oíche ar scriosadh an Traí, tabhair cuntas ar an gcaoi ar cuireadh ina luí ar Anchises, athair Aeinéis, an chathair a fhágáil lena theaghlach. (25)

(b) Céard a tharla do Creusa, bean chéile Aeinéis, an oíche chéanna sin? (25)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar dhán Veirgil, inis scéal Orpheus agus Eoraidaisé. (40)

(b) An mbraitheann tú go n-insíonn Veirgil an scéal ar bhealach íogair? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(ii) Pléigh an tuairim go bhfuil an *Réamhrá* le Livias lán de mhórtas tírghrá don Róimh mar a bhí, agus de dhuairceas gruama faoin Róimh mar atá sí anois. (50)

(iii) (a) Mar seo a thosaíonn an dán *Goilliúnacht* le Propertius:

'Inné, a Demophoon, tá a fhios agat gur
Fheach mé ar a lán cailíní, leoga ar chailíní i ngach áit,
Agus thug mo chroí taitneamh do gach duine…'

Déan achoimre ar mholúcháin an fhile Propertius ar mhná sa dán seo. (40)

(b) An mbraitheann tú go bhfuil codarsnacht ar bith idir an dán seo agus na dánta eile úd dá leannán, Cynthia? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Sa dán *Baucis agus Fileaméan* le hÓivid, tabhair cuntas achomair ar an bhféile a chuireann Baucis agus Fileaméan ar fáil do na déithe, Iúpatar agus Mearcair, a thugann cuairt faoi bhréigriocht orthu. (40)

(b) Cén ceacht, dar leat, ar mhaith le hÓivid a bheadh le foghlaim ag an léitheoir ón scéal seo? (10)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):- **[100]**

(i) Taispeánann **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** cuid de theampall Hephaistos. Taispeánann **Fótagraf B** plean an teampaill chéanna.

(a) Cá bhfuil suíomh an teampaill seo? (5)
(b) Cén t-ord in ailtireacht na Gréige inar tógadh é? (5)
(c) Cén t-ábhar **is mó** a úsáideadh lena thógáil? (5)
(d) Bunaithe ar **Fhótagraf B**, agus tú ag úsáid téarmaí beachta ailtireachta, tabhair cuntas achomair ar an teampall seo. (35)

(ii) Taispeánann **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** meatóp as teampall Zeus ag Oilimpia.

(a) Cén áit i dteampaill Ghréagacha de ghnáth ina mbíonn meatóip? I do fhreagra, is féidir úsáid a baint as léaráid. (10)
(b) Cén tréimhse i ndealbhóireacht na Gréige lena mbaineann an meatóp seo? (10)
(c) Cén radharc i miotaseolaíocht na Gréige atá á thaispeáint sa mheatóp seo? (15)
(d) Déan trácht ar an dreach atá ar na haghaidheanna sna figiúir a thaispeántar. (15)

(iii) Déan staidéar ar an dealbh a thaispeántar i **bhFótagraf D** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar dheilbh bhaineanna dá leithéid? (5)
(b) Cén difríocht atá idir iad agus deilbh fhireanna ón tréimhse chéanna? (10)
(c) Cén tréimhse i ndealbhóireacht na Gréige lena mbaineann an dealbh seo? (5)
(d) Céard iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ar aon dul le deilbh ón tréimhse seo? (30)

(iv) Taispeánann **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** an dealbh a dtugtar Buachaill Mharatóin (340-300 R.Ch.) uirthi.
(a) Cén t-ábhar a úsáideadh chun an dealbh seo a dhéanamh? (10)
(b) Céard iad na difríochtaí idir an dealbh seo agus deilbh ón Ré Ársa? (40)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraiteas agus ar Phlatón.**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):- **[100]**

(i) (a) Rianaigh Samhail na hUaimhe le Platón. (35)

(b) Mínigh an bhrí atá leis an tsamhail seo. (15)

(ii) Déanann Platón an stát aige a roinnt ina thrí aicme.

(a) Ainmnigh na trí aicme sin, agus mínigh an ról atá ag **gach ceann** de na haicmí i stát Phlatóin. (40)

(b) An gceadaítear aon ghluaiseacht idir aicmí? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) Céard iad na cáilíochtaí nach mór dá chuid Fealsamh-Rialaitheoirí a bheith acu, dar le Platón? (50)

(iv) Dar le Platón, tá na cáilíochtaí seo a leanas ag an stát idéalach aige: gaois, misneach, féinsmacht agus ceartas.

(a) Cá bhfuil gach ceann de na cáilíochtaí seo le fáil, sa stát idéalach? (35)

(b) Mínigh an bhrí atá leis an méid a mhaíonn Sócraitéas "is é is ceartas ann ná aire a thabhairt do do ghnó féin." (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):- **[100]**

(i) Taispeánann **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach ag Orange i nDeisceart na Fraince.

(a) Tabhair cuntas ar dhearadh agus ar phríomhchodanna na hamharclainne seo. (40)

(b) Déan trácht ar an *scaenae frons* (is é sin, an balla taobh thiar den stáitse). (10)

(ii) Taispeánann **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** pictiúr balla as Herculaneum.

(a) Cén fáth a raibh a leithéid de phictiúir ag na Rómhánaigh ar bhallaí a gcuid seomraí? (20)

(b) Mínigh cén fáth a bhfeiceann Wheeler tionchar na hamharclainne sa phictiúr ealaíne seo. (30)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf H** ar **Pháipéar X.**

(a) Ainmnigh an struchtúr atá á thaispeáint san fhótagraf seo. (10)

(b) Cén fáth ar ardaíodh an struchtúr seo sa Róimh? (10)

(c) Mínigh an bhrí atá le dealbhóireacht rilífe. (10)

(d) Déan trácht ar an mbealach ina bhfuil éagsúlacht bainte amach i ndealbhóireacht na bhfigiúr. (20)

(iv) Ainmnigh an áirse atá á taispeáint i **bhFótagraf I** ar **Pháipéar X**. (5)

(a) Cén fáth ar tógadh áirsí dá leithéid? (5)

(b) Cén áit i gcathracha Rómhánacha ina raibh a leithéid d'áirsí lonnaithe de ghnáth? (5)

(c) Tabhair cuntas achomair ar an áirse seo. (35)

---

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán